Litir Ṡasana

Dónal Mac Aṁlaiġ

Neaṁṡuim de "Amáraċ"

Léim féin na páipéirí Gaeilge uilig, 'ċuile diabal ceann aca. I gCOṀAR Deire Fómair bí an tarna leat de alt speisiúil "Na Nuaċtáin Faoi Scrúdú" le Nollaig Ó Gadhra. Tuigfeá go raiḃ ar áḃḃar an dréaċta seo go ḃfuil ḟios a ġraiṫe ag an t-é a scríoḃ — gaċ uile ġné dá mbaineann leis na páipéirí dár tagar sé dóiḃ ar eolas aige, déarfá. Aċ rinne sé faillí nár ḃeag i ndar liom féin nuair a scríoḃ sé an méid seo (agus nuair nár ċuir sé leis faic) "Tá . . . 'Inniu' (ann) do luċt na Gaeilge."

Gan dabt tá agus is maiṫ ann é. Aċ céard faoi AMÁRAĊ a ḃfuil oiread de díolaíoċt air, creidim, le 'Inniu'? Tuige nár rinne an scríḃneoir tagairt ar biṫ do Ġuṫ na Gaeltaċta? Ní ḟeicim féin go ḃféadfaḋ duine ar biṫ tá réasúnta eolaċ faoi ċúrsaí Ġaeilge dearmad a ḋéanaṁ de ṗáipéar go ḃfuil obair ċom táḃaċtaċ sin á ḋéanaṁ aige.

Léitear AMÁRAĊ ó Fánaid anuas go dtí Rinn na gCuanaċ 'sna Déise (a ċrúṫú sin na litreaċa a seoltar isteaċ as ceanntair Ġaeltaċta ċom fada sin óna ċéile) agus ós mar sin tá, níl sé ceart, cuí, ná coṫrom leiṫċeal a ḋéanaṁ mar sin ar ṗáipéar na Gaeltaċta.

Is minic a riṫeann sé liom gur ag druidim níba ḟaide óna ċéile tá Gaeilgeoirí na Galltaċta agus muintir na Gaeltaċta. Agus is mór an trua é sin. Arae in éagmais na Gaeltaċta ní fiú do ṡeaċt mallaċt gluaiseaċtaí ná eagraíoċta. Ní ḟásfaiḋ plannda ar biṫ de uireasa préaṁ agus ní taise don Ġaeilge é: má ligtear don Ġaeltaċt bás ḟáil ní ḟada a ṁairfeas an teanga beo i mbailte móra Gallda na h-Éireann. Is eagal liom féin go mbíonn cleas an Ostrich á ḋéanaṁ ag Gaeilgeoirí áiriṫe ċom fada is a ḃaineann leis an nGaeltaċt—a gcloigne a sáṫaḋ sa ngaineaṁ aca nuair is mian leo a ċur ina luí orra féin naċ ḃfuil a leiṫéid seo nó a leiṫéide siúd ann ar ċor ar biṫ.

Bodaċaí Boċta na Gaillime

Ós ag caint ar "Inniu" é bí píosa an-ġéar ann ag Proinsias Mac an Ḃeaṫa cúpla seaċtain ó ṡoin ag cur síos ar an ġníoṁ túṫaċ a rinneaḋ i nGaillim nuair a cartaḋ dealḃ Ṗádraig Uí Ċonaire ċun bealaiġ as Faiċe Mór na Gaillime. D'ḟíor dó, mo léan, gaċ dár ḋúirt sé faoi luċt ġnóṫa agus ceannais. An dealḃ a ḋéanaḋ in ómós do ḋuine de na scríḃneoirí is mó dá raiḃ againn a ṫúirt amaċ mar sin go Mervue aḃfad ó lár-ionad na caṫraċ — ní féidir aċ ciall amáin a ḃaint de sin: gur ró-ċuma le Gaillimh faoin Ġaeilge agus faoi litríoċt na Gaeilge. Bodaċaí boċta, dár fia! Is maiṫ mar a baisteaḋ iad.

Gaisce agus Cailliteanas Ṡáirseil agus Dill

Tuarascíoḋ i mbliana é go ḃfuil 'ċuile ċosúlaċt ann go mbeiḋ ar an gcomlaċt breá foillsiṫeoireaċta údan Sáirseal ⁊ Dill scoireaḋ dá gcúram agus éirí ar fad as an obair mór á ḋéanaṁ ar son na Gaeilge aca le gar do ḟiċe ḃliain anuas. An fáṫ? £11,000 a ḃeiṫ caillte aca ó ċuadar i mbun ġnóṫa! Is leor sin de ḟáṫ, creidim. Tá sé tugṫa amaċ ag an stiúrṫóir féin anois, an tUasal Seán Ó hÉigeartaiġ (a raiḃ sé de pléisiúr agam féin, tráṫ, píosa cainte a ḋéanaṁ ina oifig leis) go mbeiḋ orra éirí ar fad as an ḃfoillsiṫeoireaċt más rud é naċ mbeiḋ an Rialtas sásta teaċt i gcaḃair orra.

Anois naċ ainnis go deo mar scéal é? Comlaċt mar seo a rinne oiread sin ar son tíre agus teangan a ḃeiṫ dá ligin síos ag tír agus an ṁuintir dár ġníoṁaiġ sé. Obair gan tairfe dóiḃ féin a bí in obair Ṡáirseéil agus Dill, aċ is saiḋḃre-de a gcuid dúṫraċta Éire. Anois i gcás naċ mbeiḋ Rialtas na hÉireann sásta ċuidiú leo ċun a ċoinneáil orra leis an ndea-obair, an mbeaḋ seans ar biṫ ann go ḃféadfá suim cuid de na Gaeil-Ṁeiriocánaċ deisiúla sa scéal a ṁúscailt? Tá cáil na féile ar an dream sin ó ċianta agus riṫeann sé liom go mb'ḟéidir naċ mbeaḋ uaṫa aċ gaoṫ an ḟocail, mar a déarfá, ċun go dtiocfaidís ċun tosaiġ. Níorḃ é an ċéad uair é do airgead Ṁeiriocánaċ teaċt i gcaḃair ar Éirinn. Níl ann aċ smaoineaḋ, ár ndó, aċ b'ḟéidir nár ṁiste beagán ṁaċnaiṁ a ḋéanaṁ air.

An Clog Siar Arís

Tá an clog curṫa siar arís aca agus faoi mar a ṫárlaíonn dom féin 'ċuile ḃliain tá mé bainte as mo ċleaċtaḋ ag an aṫrú. Bíonn sé dorċa na tráṫnónaí seo ag an cúig, beagnaċ, agus is gearr eile go mbeiḋ muid ag scuireaḋ ag an leaṫ uair ṫéis an ċeaṫair sa ló. Aḃaile leis na scoláirí mar déarfá. Tá daoine ann ar fuaṫ leo an socrú seo aċ tá's ag an lá naċ miste liom féin. Is deas iad na h-oíċeanntaí ḟada indiaiḋ an tsaoil, nuair a ṫiocfas leat na bróga a ċaiṫeaṁ díot cois na tine agus do ġéaga a ṡíneaḋ uait le teann ṡó. Leaḃar a léaṁ ar do ṡuaiṁneas nó go dtitfiḋ néal ort agus ansin tamall a ċaiṫeaṁ ag míogarnaċ sa gcaṫaoir. Á mo léan, ní foláir nó tá an aois ag breiṫ orrainn i ngan ḟios dúinn féin nó ní ag caint mar sin a ḃeaḋ sinn. Aċ níl aon neart air mar scéal. Tá mé féin tosaiṫe ag méanfadaċ anois . . . sílim go ndúnfaiḋ mé na súile go ceann nóiméidín beag . . .

Dónall Mac Aṁlaiġ.

Baile'n Ḟirtéaraiġ mar Ċeantar Somplaċ Gaeltaċta

Molaḋ ó'n Comluċt Comairliṫe fá'n Gaeltaċt

Taréis iomlán na cainte agus na bladmannaċta faoi an bpáipéir bán le linn a ḟoilsiṫe agus díreaċ in a ḋiaiḋ is beag a cloiseaḋ faoi nó faoi na moltaí ann le roinnt míonna anuas anois.

Tá Comluċt Comairle na Gaeilge an coiste comairliṫe a bunaíoḋ de réir molaḋ an Ṗáipéir Ḃáin seo bunaiṫe le tamall maiṫ aċ go dtí seo taoḃ amuiġ de pictiúir agus tairisc an ċéad ċruinniú ní raiḃ aon tráċt ar céard a bí ar siúl acu.

Dúraḋ le linn an Ċoimisiúin agus le linn foilsiú an Ṗáipéir Ḃáin agus le linn ainmniú na Comluċta gur le aiṫḃeoċaint na Gaeilge a ḃain siad agus naċ leis an Ġaeltaċt go háiṫrid toisc go raiḃ údarás Roinn na Gaeltaċta ann ċeana don Ġaeltaċt.

Aċ tá Comluċt Comairle na Gaeilge ag comairliú fán Ġaeltaċt agus tá Ranna Stáit ag glacaḋ le na gcomairle, agus sin in ainneoin gan ionadaí ón Ġaeltaċt ar an Ċoimisiún bunaiḋ agus naċ ḃfuil ionadaí ar leiṫ don Gaeltaċt ar an Ċomluċt Comairle seo.

Tig linn a rá anois go ḃfuil an Comluċt Comairle seo taréis molaḋ a ḋéanaṁ don Roinn Talṁaíoċta agus Iascaiġ go mba ċeart ceantar Baile an Ḟirtéiriġ i nGaeltaċt Ċiarraí o piocaḋ mar Ceantar Sompliċ don Ġaeltaċt eile.

Le linn roġnú na gCeantair Somplaċ seo foilsíoḋ sa ṗáipéar seo gur diúltaiġ na Comairlí Contae agus na príoṁ oifigí ngaċ cás aon ċeantar Gaeltaċta a roġnú ar an áḃḃar go raiḃ na ceantair ró ḃoċt, narḃ ḟéidir na feirmeaċa a ḋéanaṁ eacnamaiciúl ċor ar biṫ. Dúirt na príoṁ oifigí talṁaíoċta ins na contaeṫa Gaeltaċta é seo amaċ go hosgailte.

Tá an luaċáil i nGaeltaċt Coirce Duiḃne timpeall leaṫ ċoṁ hárd arís leis an ṁeán luaċáil i gConamara nó i nDún na nGall, mór Gaeltaċta na Tíre, agus mar sin de is ceist an féidir go mbeaḋ an ceantar seo somplaċ do na Gaeltaċtaí uile. Pé ar biṫ tá an tAire taréis glacaḋ leis an ṁolaḋ agus é taréis a iarraí ar Coiste Talṁaíoċta Ciarraí, teagascóir talṁaíoċta atá ina ċainteoir líofa Gaeilge a ċur i mbun ċeantair Ḃaile an Ḟeirtéiriġ. Sé sin le rá tá sé sásta an ceantar seo a áireaṁ mar ceantar sonntaċ Gaeltaċta. Ṫug an tAire céad den gCoiste é a ċur go dtí an ċeantar seo lán-aimsireaċ le cuspóir eacnamaíoċta ginearálta an ċeantar a ḟorbairt ins an paráiste go háiṫrid an déiríoċt. Sa slí go mbeaḋ eolas ar fáil go ḃféadfaí réiteaċ a ḋéanaṁ ar faḋbanna eacnamiciúl ins na ceantair Gaeltaċta eile.

Ṁol an Roinn gur ceart don teagascóir cónaí ins an paráiste agus gan aċ Gaeilge d'úsáid i mbun a ḋualgaisí. Dúirt an tAire de réir molaḋ a rinn an Ċomlaċt Comairliṫe go raiḃ sé sásta céad a ṫaḃairt don Ċoiste deiċ fá'n gcéad breise tuarastáil a íoc do ṫeagascóir mar seo. Dúirt an príoṁ oifigeaċ talṁaíoċta le'n ċoiste talṁaíoċta Ċiarraí go raiḃ faill aige meastaċán a ṡéanaṁ ar na rudaí go léir a d'éiriġ as an litir seo de ṫairḃe teagascóir a ċur ċuig an ceantair seo. Ḃí díospóireaċt ag Coiste Talṁaíoċta Ċiarraí an tseaċtain seo caite agus dúirt Bn. Ṁic Donnċaḋa na raiḃ aon gnó talṁaíoċt a ṫeagasc tré Gaeilge i mBaile an Ḟirtéiraiġ. Tugaḋ údarás don príoṁ oifigeaċ teagascóir cailiṫe i nGaeilge a lorg aċ ní raiḃ sé cinnte an ḃfuiġeaḋ sé duine.

Ceaṫrú Rua

Comġáirdeas le Máirtín Ó Flaṫarta, as Coileán, ar glaoḋ air go dtí Coláiste Oiliúna Naoṁ Pádraig, Drumconnraċ, Baile Áṫa Cliaṫ. Ḃí sé ar Meán Scoil na Toirḃeirte, an Ceaṫrú Rua, suas go dtí mí Ṁeiṫiṁ, agus ansin, rinne sé an árd-teistiméireaċt a ṡaoṫraiġ an glaoċ ċun na coláiste dó. Mac é le Miċeál Dónall Ó Flaṫarta as Coileán, Ceaṫrú Rua.

Tá Seán Ó Conġaile, as Leitir Mór, atá ina Oifigeaċ Radio ar ḃár tráċtála, ar saoire sa mbaile san am i láṫair.

Ḃí aimsir fíor ḃreá anseo le cúpla seaċtain anuas. Ní raiḃ deor ḃáistí ann ar feaḋ beagnaċ mí, agus deir sean daoine naċ cuiṁneaċ leo Deireaḋ Fóṁair ċoṁ breá le fada.

Léiriġ Aisteoirí ón Taiḃḋearc, Gaillimh, trí ḋráma sa gCeaṫrú Rua oíċe Diardaoin. Ḃí an halla lán, agus níl ann anois, aċ ag cur ceist, cé'n uair a ḟillfiḋ na hAisteoirí seo arais, le oíċe maiṫ drámaíoċta eile a ṫaḃairt don aos óg.

Is breá lena ṁuintir agus a ċoṁarsain, an tAṫair Diarmad Ó Nualláin, Corrán Mór, Ceaṫrú Rua, a ḃeiṫ sa mbaile ar saoire taréis dó trí bliana a ċaiṫeaṁ ar na Misiúin in Nigeria.

Ḃí cruinniú Ċumann na Múinteoirí Náisiúnta i dTeaċ na Cúirte, Doire Ḟiaiḋ, tráṫnóna Diardaoin, agus slua mór ball i láṫair. Ḃí Máirtín Ó Cualáin, O.S., an Tráiġ Ḃáin, sa ċaṫaoir. Pléaḋ ceist faoi aṫraiṫe móra a ċur ar rialaċa Ċumann na Múinteoirí agus tugaḋ treor do ionadaiṫe ċun dul ċuig Comḋáil speisialta a ḃéas ar siúl i mí Eanair.

Na Tuillte

Cinnte muna ndéan na tuillte rud ar biṫ eile ba ċóir go gcuirfiḋ siad ar a súile don Rialtas agus na húdaraisí ċom práinneaċ agus atá sé go ndéanfaí dreánáil na Finne. Is fada na feirmeoirí ṫart timpeall an ceantar á iarraí seo agus níl rud níos mó a ḋíṫ ċom táḃaċtaċ agus atá sé agus ċom riaċtanaċ agus atá sé. Tá an doċar mór déanta leis na tuillte. Agus a ḋalta sin, táṫar ag ceistniú aċan áit suas Gleann Ḟinne cé'n uair a íocfar cúiteaṁ nó ḃfuil an Rialtas ċun cúiteaṁ a íoc leis na feirmeoirí ar an méid a ċaill siad.

Ba ṁilltineaċ an fearṫain a bí ann a ċur tús leis an tuille seo. Tá toṁas fearṫana ag siúl ag Pádraig Ó Caimbéal, O.S., Broċaċ, le roinnt ṁaiṫ bliantа, agus ar an Ċéadaoine deire seo b'é an méid fearṫanna a ṫuit nó 11.15 cm. nó timpeall ceiṫre hórlaiġ go leiṫ fearṫaine. Le 15 bliain anuas ní raiḃ doiṁne fearṫanna annseo níos mó ná corraḋ le dá órlaċ. D'áisteaċ trom leanstannaċ idir Baile na Finne agus an Cloċán agus é ag ċur de ḋian is de ḋeora ar feaḋ an lae ó ṁaidin go hoíċe a ċur tús leis an tuile ar fad. Deir Seán Grant, Sráid an Iarnróid, Baile Bó Fé, atá ina ċónaí ar ḃruaċa na Finne go raiḃ marcannaí an tuile trí troiġ níos airde ná aon tuile le 114 bliain.

Gleannḃarr

Tá scéala ag dul le tamall an-uas go ḃfuil os cionn 20 acra talaiṁ ceannaiṫe ag comlaċt as an ċontae seo i Maċaire Ḃárdáin ag taoḃ Fánaide den ḃealaċ mór nua, "Sliġe an Uaignis," ag cionn Cnuic Colḃa agus go ḃfuiltear le teaċ aíoċta céad seomra codlata a ċuir ar bun ansin. Tá'n scéal seo ionċreidte go leor óir tá "Sliġe an Uaignis" réiḋ críoċnaiṫe beagnaċ agus nuair a fosclóċtar é ar an Earraċ seo ċugainn ḃeirfiḋ sé bealaċ isteaċ go dtí limistéar de'n tír is deise in Éirinn, tír álainn, uaigneaċ ḟiáin ar fad. Níl aṁras ar biṫ fá'n tarraingt a ḃéas ag an ċuid seo den tír ar ṫurasóirí.

Ma bí cruṫú a ḋíṫ go ḃfuil lagḋú sonraċ ar luaċ aċan cineál ainṁí bí sin le fáil ar aonaċ Ḃaile na nGallóglaċ ar an 23ú lá de'n ṁí seo ċaite. Ḃí ba stóir anuas ó £5 go dtí £10 an ceann. Ḃí ba bainne anuas ṫart fá £5 an ceann agus ba ionlaoiġe féin a bí go han daor le fada, bí lagḋú de dá nó trí punta an ceann orṫu. Droċ scéal seo do na feirmeoirí aċ dea-scéal é do ḋaoine a mbíonn píosa feola dá ċeannaċt acu óir tá caoireoil ⁊ mairteoil anuas cúpla piġinn an punt.

Ḃí seaċtain nó beirt de aimsir ḃreaġ ċiúin nádúraċ ins na laeṫa deireannaiġe de ṁí Ḋeireaḋ Fóṁair aċ ṫáinig an t-aṫrú go tobann. Ḃris an aimsir, ṫáinig an ḟuaċt, an fearṫainn agus na cloċa sneaċta. Ḃí aċan coṁarṫa ann go raiḃ an geiṁreaḋ buailte linn. Is cuma, rinne na cúpla seaċtaine de aimsir ṁaiṫ an-ġar. Sáḃáileaḋ an bárr coirce agus tá bunus na bpréataí bainte.

NUACHT AS NA DUNAIBH

Táṫar á scríoḃ seo Lá Ṡaṁna agus gála gaoiṫe móire ag séideaḋ anall ón Ṁucais ó bí coineascair na hoíċe aréir ann. Is cinnte go mbeiḋ cuiṁne ar an Oíċe Ṡaṁna seo go ceann i ḃfad — de ṫoraḋ na damáiste atá déanta (agus á ḋéanaṁ) ag an spéirling scriosúil seo. Tá díonta tiṫe gann i gcúpla sláta, píobáin-sceiṁle tarraingte amaċ as an ḃalla, cruaċa-coirce leagṫa agus cocaí-féir siabṫa ar siúl. Tá 'fear an aráin' indiaiḋ a ṫeaċt ċugainn as Baile na nGallóglaċ (Milford) agus scéala bróin leis gur báḋ ceaṫrar nó cúigear d'iascairí fá ċósta Inis Eoġain aréir. Támuid gan solas leictreaċ ó bí bánaḋ-an-lae inniu ann, an t-am ab' ṁeasa a bí na roisteaċa gaoiṫe-móire aniar-aneas. Beiḋ cuiṁne ar Oíċe na Tuile Buile i mBealaċ Féiḋ tá cúpla seaċtain ó ṡoin tráṫ de ḋóbair gur báḋ cuid de na ceiṫre ċéad a bí ag daṁsa insan Butt Nall, faoi ṫonn-taoide milltineaċ de ṫuile aḃann a ṫáinig anuas Gleann Ḟinne. Mar i gcéanna beiḋ cuiṁne ar Oíċe Ṡaṁna, 1965 fá seo.

Tá buarṫa fá Ċarraiġ Airt gur imiġ an tUasal Oir. Ḃeoċán, Reaċtaire Eaglaise na Trionóide (B. na hÉ.) ar airdiú céime go Caisleán an Ḃarra, i gCo. Ṁuiġeo. Ḃí sé cineálta comrádaíoċ le gaċ duine fán ċeantar ó ṫáinig anseo aon ḃliain déag ó ṡin. Fad saoil don duine uasal.

Nuair a bí Anraoi Ó Cuillín ag baint ṗréataí do Ḋónall Ó Gallċóir, ar leis an North Star Hotel i gCarraiġ Airt — an "Réalt Ṫuaiḋ", ṫáinig sé ar ṡampla mór, os cionn dá punta meáċáin, de ċine na Kerr's Pinks, a raiḃ ḋéanaṁ realtóige air. I ḃfuinneóig an óstán acu anois ar taispeántas.

Oiḃriṫe

Ar an ċéad lá den ḃliain seo bí 16,050 ag obair faoi an Roinn Poist agus Telegrafa idir daoine dánaimsearṫa agus daoine páirtaimsearṫa. Ċom maiṫ leis sin bí 2,173 fó ṁáistrí poist ar an dáta seo.